# Grúpa EirGrid
# **Straitéis 2026**



EirGrid GROUP

Ag Cumhachtú

# Clár na nÁbhar


03 Brollach an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

04 Ár Ról

05 Réamhrá le Straitéis Ghrúpa EirGrid 2026

06 Creat Straitéiseach

07 Straitéis Ghrúpa EirGrid 2026

08 Ár gCuid Luachanna

10 Colúin Straitéiseacha

- 11 Éire a Choinneáil Cumhachtaithe
- 13 Ag Tógáil na Cnáimhe Droma. Eangach a Éascaíonn an Fás
- 15 Ag Athrú ó Bhonn don Fhuinneamh Glan
- 17 Scód a Ligean le Teorainneacha Úra. Amach ón gCósta agus Idirnasc

19 Príomh-chumasóirí

- 20 Ár nDaoine, Ár gCumhacht
- 21 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara sa Chroílár
- 22 Faoi Thionchar an Digitithe
- 23 Tréine Airgeadais don Soláthar Fadtréimhseach

24 EirGrid i gCóras Leictreachais na hÉireann




# Brollach an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin





**Cathal Marley**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Grúpa EirGrid

**Is mór an pléisiúr dom Straitéis Chorparáideach Ghrúpa EirGrid 2026 a chur i láthair. Ag croílár ár straitéise, is é córas leictreachais slán a oibriú inniu agus dlús a chur le soláthar an chórais chumhachta a mbeidh Éire ag brath air le haghaidh todhchaí ghlan, shlán agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de.**

Táimid tar éis teacht ar phointe ríthábhachtach san earnáil fuinnimh, agus sna cúig bliana amach romhainn feicfimid leibhéal gan fasach infheistíochta i mbonneagar leictreachais na hÉireann agus athrú céime claochlaitheach i soláthar na heangaí. Tá an córas leictreachais anois i gcroílár iomaíochas eacnamaíoch, athléimneacht agus rath na hÉireann amach anseo. Chun an deis seo a thapú, ní mór dúinn gluaiseacht le díocas, bacainní a bhaint agus uaillmhian a iompú ina gníomh fiúntach.

D'fhorbair EirGrid an straitéis seo laistigh de na cuspóirí beartais agus na hoibleagáidí ceadúnais a leag an Rialtas agus ár Rialtóir, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), síos. Léirítear na cuspóirí seo i bPlean Gnó Athbhreithniú Praghsanna 6 EirGrid, ina leagtar amach an méid atá le baint amach againn faoi 2030. Leagann ár straitéis nua amach an chonair atá romhainn le soiléireacht agus uaillmhian. Leagann sé creat soiléir síos maidir le conas a bhainfimid na cuspóirí seo amach ionas gur féidir linn dlús a chur le haistriú na hÉireann go fuinneamh glan.

Tá dhá phríomhthosaíocht againn: eangach an lae inniu a oibriú go slán agus pleanáil a dhéanamh d'eangach an lae amárach. Ciallaíonn sé sin cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar agus éileamh i dtimpeallacht chasta atá ag athrú go tapa, an córas a ullmhú chun oibriú ag leibhéil an-ard d'fhuinneamh in-athnuaite, infheistíocht sa mhargadh amach anseo a threorú agus tacú leis an bhfás eacnamaíoch.

Ní mór dúinn na tosaíochtaí a sholáthar lena chéile go gasta, le fócas agus le diongbháilteacht. Agus sin á dhéanamh, is féidir linn todhchaí le fuinneamh níos glaine, níos sláine a mhúnlú d'Éirinn.

Beidh an t-aistriú atá romhainn ar cheann de dhúshláin shuntasacha ár linne. I gcás EirGrid, beidh tionchar ag teicneolaíochtaí nua, comhoibriú le custaiméirí, páirtithe leasmhara agus pobail, beartas atá ag teacht chun cinn agus soláthar an bhonneagair is gá chun tacú le húsáid mhéadaitheach leictreachais ar fud na sochaí agus an gheilleagair air. Beidh úsáid chliste as an digitiú, ár bhfócas gan chomhréiteach ar shábháilteacht agus trí chleachtais inbhuanaithe a leabú i ngach rud a dhéanaimid mar bhonn taca leis sin.

Treoraithe ag ár gcuspóir, ár bhfís, ár gcolúin straitéiseacha, ár bpríomhchumasóirí agus ár luachanna cuideachta, beidh ról lárnach ag EirGrid san aistriú seo le freagracht, muinín agus diongbháilteacht. Ag an am céanna, leanfaimid orainn ag claochlú ár n-eagraíochta agus ag neartú an chumais, na hacmhainneachta agus an tsaineolais atá riachtanach chun rath a bhaint amach.

Beidh an comhoibriú ríthábhachtach chun cur chuige comhtháite agus éifeachtach a chur ar fáil. Le linn na tréimhse ríthábhachtaí seo don eangach, oibreoimid go dlúth leis an Rialtas, lenár Rialtóir, lenár gcustaiméirí, leis an tionscal agus le pobail chun cabhrú le cuspóirí aeráide, bonneagair agus eacnamaíocha na hÉireann a bhaint amach. Le chéile is féidir linn dul chun cinn fíor a spreagadh i dtreo todhchaí le fuinneamh níos sláine, níos glaine agus níos inacmhainne do chách.

# Ár Ról

**Is é ról EirGrid é, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) in Éirinn, a chinntiú go dtagann leictreachas ón áit a ngintear é go dtí an áit a bhfuil gá leis ar fud na hÉireann. Feidhmímid an córas tarchurtha ardvoltais, sa líonra atá mar chnámh droma chóras leictreachais na tíre, agus táimid freagrach as é a choinneáil ag rith go sábháilte, go slán agus go hiontaofa i gcónaí. Ciallaíonn sé sin a chinntiú go bhfuil dóthain leictreachais ann chun an t-éileamh a chomhlíonadh gach nóiméad de gach lá, agus go bhfreagraíonn an córas d'athruithe nó d'eachtraí nach bhfuiltear ag súil leis.**


Chomh maith leis an gcóras tarchurtha a oibriú, oibríonn EirGrid an margadh mórdhíola leictreachais (SEM) uile-oileáin freisin, i gcomhpháirtíocht le SONI i dTuaisceart Éireann. Is sa Mhargadh Leictreachais Aonair, an áit a ndíolann gineadóirí leictreachais a gcumhacht agus a cheannaíonn díoltóirí miondíola í le díol le tomhaltóirí.

Bíonn EirGrid ag pleanáil do thodhchaí an chórais leictreachais freisin. De réir mar a fhásann an t-éileamh agus de réir mar a aistríonn Éire chuig fuinneamh in-athnuaite, sainaithnímid cá bhfuil gá le bonneagar nua agus conas ba chóir don eangach forbairt chun tacú le tithe, gnólachtaí agus fás eacnamaíoch. Áirítear leis sin forbairt mhór eangaí agus naisc nua do chustaiméirí giniúna agus éilimh an-mhóra.


Príomhchuid dár ról is ea cumhacht ghaoithe amach ón gcósta a chumasú. Faoi bheartas an Rialtais, tá EirGrid freagrach as an gcóras tarchurtha amach ón gcósta a nascann feirmeacha gaoithe ar muir leis an eangach ar tír mór a fhorbairt, a bheith ina úinéireacht air agus a oibriú. Leis sin, beifear in ann méideanna móra fuinnimh ghlan a thabhairt i dtír go slán agus a chomhtháthú sa chóras.

Déanaimid slándáil sholáthar leictreachais na hÉireann a chosaint freisin trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcóras, rioscaí a aithint, agus comhairle a thabhairt maidir le gníomhartha nuair is gá. Chomh maith leis sin, déanaimid slándáil soláthair leictreachais na hÉireann a chosaint trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcóras, rioscaí a aithint, agus comhairle a thabhairt maidir le gníomhartha nuair is gá.

Oibríonn EirGrid le páirtithe leasmhara tábhachtacha freisin chun a chinntiú go n-oibríonn an córas leictreachais foriomlán mar líonra comhordaithe amháin. Agus sin á dhéanamh, tacaímid le córas leictreachais slán, glan agus inacmhainne d'Éirinn.



# Réamhrá le Straitéis Ghrúpa EirGrid 2026



Mar eagraíocht, táimid i spás dinimiciúil. Tá córas leictreachais slán, nua-aimseartha bunúsach anois ní hamháin d'uaillmhianta aeráide na hÉireann, ach d'iomaíochas náisiúnta, d'fhás tionsclaíoch, do sholáthar tithíochta agus d'athléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach. Ciallaíonn ár gcuspóir nua, eangach leictreachais na hÉireann a chumhachtú le haghaidh todhchaí le fuinneamh glan, go gcaithfimid dhá ról riachtanacha, idirspleácha a imirt agus muid ag obair chun beartas an Rialtais a chur i gcrích, tacú le sprioc 80% de leictreachas in-athnuaite a bhaint amach, agus fás socheacnamaíoch a éascú.

Ar thaobh amháin, cuirimid sreabhadh leictreachais slán athléimneach ar fáil i dtimpeallacht athraitheach. Ar an taobh eile, déanaimid pleanáil agus forbairt ar an eangach atá riachtanach chun leictreachas a iompar, ullmhaímid an córas chun oibriú ag leibhéil an-ard d'fhuinneamh in-athnuaite agus cuirimid comhairle ar fáil don mhargadh amach anseo chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a bhaint amach agus ag tacú le torthaí eacnamaíocha ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, bainimid cothromaíocht amach idir slándáil, inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht, rud a chuireann lenár saineolas chun tacú le beartas agus pleanáil éifeachtach.

Tá na róil sin idirnasctha agus baineann castacht, rioscaí agus dúshláin leo ar fad. Braitheann siad ar dhlúth-chomhoibriú ar fud an éiceachórais fuinnimh agus ní féidir le EirGrid iad a bhaint amach leo féin. Ní mór an dá rud a dhéanamh ag an am céanna agus go seasta. Tá ár dtír ag brath air sin.

Níl sé éasca. Tá fíor-chomhbhabhtálacha le sárú, agus iad múnlaithe ag dúshláin níos leithne mhargaidh, beartais agus soláthair. Ach glacaimid leis an dúshlán go socair agus le muinín mar gheall go bhfuil ár gcuspóir socraithe.

Táimid ullamh agus solúbtha. Déanaimid ceannaireacht nuair is féidir linn, tacaímid nuair is ceart dúinn, agus oibrímid leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile chun an uaillmhian a ailíniú leis an méid atá praiticiúil agus indéanta.

Agus ár Straitéis nua againn, mar aon le cumhacht na gcomhpháirtíochtaí agus an chomhoibrithe láidre, sáraímid constaicí le cúram agus le smacht seasta, ag cruthú conair phraiticiúil i dtreo dícharbónaithe agus ag an am céanna ag cumasú an bhonneagair a thacaíonn le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

# Creat Straitéiseach



## Cuspóir

Eangach leictreachais na hÉireann a chumhachtú le haghaidh todhchaí le fuinneamh glan.



## Fís

Todhchaí ina bhfuil gach teach, gnólacht agus pobal á gcumhachtú ag leictreachas slán, glan, agus inacmhainne.

**Ár gCuspóir, Fís, Colúin Straitéiseacha** agus **Príomh-chumasóirí**, mar aon lenár gcuid **Luachanna**, déanann siad sin Creat Straitéiseach soiléir a mhúnlú lena chéile. Tá ról ar leith ag gach gné, ach is é an chaoi a dtagann siad le chéile a thugann neart agus treo dár straitéis.

Leagann **Ár gCuspóir** amach cé muid féin. Is é ár ‘raison d’être’ é agus an ról atá againn d’Éirinn, ag tacú le dul chun cinn na tíre agus ag treorú an aistrithe chuig todhchaí le fuinneamh níos glaine.

Leagann **Ár bhFís** amach an todhchaí a bhfuilimid ag obair lena cumhachtú. Leagtar amach léi na torthaí is mian linn a chur ar fáil mar chuid den éiceachóras fuinnimh, ag soláthar leictreachas slán, glan agus inacmhainne do mhuintir na hÉireann.

Leagann **Ár gColúin** Straitéiseacha an méid a chuirfimid ar fáil. Leagtar amach leo na príomhthosaíochtaí is gá chun ár bhFís a bhaint amach, ó chumhacht a choinneáil in Éirinn go fás a chumasú, an córas a chlaochlú, agus deiseanna nua a nochtadh amach ón gcósta.

Leagann **Ár bPríomhchumasóirí** amach an chaoi a ndéanfaimid an soláthar a chumhachtú. Cuireann siad na cumais ar fáil a ligeann dúinn rath a bhaint amach trínár ndaoine, ár neart digiteach, ár n-athléimneacht airgeadais, agus ár ndlúth-rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara.

**Tá Ár gCuid Luachanna** mar bhonn taca ag gach a dhéanaimid. Treoraíonn siad an chaoi a n-oibrímid, an chaoi a ndéanaimid cinntí, agus an chaoi a mbainimid ár gcuid uaillmhianta amach.

Le chéile, cinntítear leis an gcreat seo go n-oibríonn ár straitéis mar chóras nasctha amháin, agus gach gné ag neartú an ghné eile chun torthaí a bhaint amach d’Éirinn.

# Colúin Straitéiseacha



## Cuspóir

Eangach leictreachais na hÉireann a chumhachtú le haghaidh todhchaí le fuinneamh glan.



## Fís

Todhchaí ina bhfuil gach teach, gnólacht agus pobal á gcumhachtú ag leictreachas slán, glan, agus inacmhainne.

## Colúin Straitéiseacha

- Éire a Choinneáil Cumhachtaithe
- Ag Tógáil na Cnáimhe Droma. Eangach a Éascaíonn an Fás.
- Ag Athrú ó Bhonn don Fhuinneamh Glan
- Scód a Ligean le Teorainneacha Úra - Amach ón gCósta agus Idirnasc

## Príomhchumasóirí

- Ár nDaoine, Ár gCumhacht
- Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara sa Chroílár
- Faoi Thionchar an Digitithe
- Tréine Airgeadais don Soláthar Fadtréimhseach

# Ár gCuid Luachanna



Iontaoibh Trínár nGníomhartha




Ag Múnlú na Réiteach Le Chéile

INBHUANAITHEACHT LEABAITHE

EirGrid GROUP

SÁBHÁILTEACHT DHIONGBHÁILTE



Ag Smaoineamh Chun Cinn



Ag Cur Dlús leis an Soláthar

# Ár gCuid Luachanna



## Iontaoibh Trínár nGníomhartha

**Tuillimid muinín tríd an méid a dhéanaimid, lá i ndiaidh lae. Braitheann ár gcuid páirtithe leasmhara, an pobal san áireamh, ar EirGrid chun córas leictreachais slán agus iontaofa a oibriú, a fhorbairt, agus a dhéanamh slán i bhfad na haimsire. Glacaimid leis an bhfreagracht sin go stuama.**

Táimid seasta, saineolach agus freagrach. Déanaimid cinntí cúramacha, cothroma, bunaithe ar fhianaise agus ar smaointeoireacht fhadtréimhseach. Gabhaimid ár gcuid gníomhartha chugainn féin agus bímid ionraic faoi na roghanna a dhéanaimid.

## Ag Múnlú na Réiteach Le Chéile

**Le scála agus castacht an mhéid atá á dhéanamh againn, ní féidir le duine ar bith rath a bhaint amach ina n-aonar. Braitheann an dul chun cinn ar a fheabhas a bhímid ag oibriú lena chéile, in EirGrid agus ar fud an éiceachórais fhuinnimh níos leithne.**

Éistimid, measann muid dearcthaí éagsúla agus tugann muid daoine eile isteach i múnlú réiteach. Roinnimid saineolas go hoscailte agus tacaímid lena chéile le linn dúshlán. Cothaímid caidrimh bunaithe ar oscailteacht agus ar mheas, agus é ar eolas againn go dtagann torthaí níos fearr as an bhfíor-chomhoibriú.



**Cuirfimid sábháilteacht i gcroílár na caoi a ndéanaimid pleanáil, tógáil agus oibriú an chórais leictreachais, ar tír agus amach ón gcósta.**

**Cuirfimid breithnithe aeráide, comhshaoil agus bithéagsúlachta san áireamh i gcinnteoireacht ar fud na heagraíochta.**

INBHUANAITHEACHT LEABAITHE

EirGrid GROUP

SÁBHÁILTEACHT DHIONGBHÁILTE



## Ag Smaoineamh Chun Cinn

**Tá córas fuinnimh na hÉireann ag athrú go mear. Ní mór dúinn breathnú chun cinn, a bheith fiosrach i gcónaí, agus ullmhú do smaointí úra.**

Tugaimid dúshlán do bharúlacha, fiosraímid teicneolaíochtaí nua agus lorgaímid modhanna oibre níos fearr. Foghlaimímid ón taithí, bainimid leas as léargas agus as sonraí chun eolas a dhéanamh dár gcuid cinntí agus déanaimid pleananna go críochnúil. Níos tábhachtaí ná aon rud eile, iompaímid smaointí ina bhfeabhsúcháin phraiticiúla a dhéanann difear mór.


## Ag Cur Dlús leis an Soláthar

**Ní fiú an uaillmhian mura n-aistrítear go gníomh í. Leagaimid béim ar sholáthar tráthúil agus ar fhíor-thionchar.**

Tugaimid tús áite don rud is tábhachtaí, glacaimid úinéireacht ó thús deireadh agus bogaimid ar aghaidh go diongbháilte agus go tapa. Déanaimid dul chun cinn de phleananna agus muid ag obair go sábháilte, go freagrach agus ar bhealach inbhuanaithe. Cloímid lenár ngealltanais agus déanaimid tomhas orainn féin de réir torthaí agus tionchair, seachas de réir gníomhaíochta.



# Strategic Pillars



Éire a Choinneáil Cumhachtaithe



Ag Tógáil na Cnáimhe Droma. Eangach a Éascaíonn an Fás.



Ag Athrú ó Bhonn don Fhuinneamh Glan



Scód a Ligean le Teorainneacha Úra - Amach ón gCósta agus Idirnasc

**Slán, Glan, Inacmhainne**

# Éire a Choinneáil Cumhachtaithe



Éire a Choinneáil Cumhachtaithe

Éire a Choinneáil Cumhachtaithe, tá sé sin mar bhunchloch gach rud a dhéanaimid.

Braitheann gach teach, gnólacht, ospidéal, scoil agus pobal ar chóras cumhachta atá sábháilte, slán agus athléimneach, gach nóiméad den lá. Oibriú an chórais sin, is é sin an chéad fhreagracht atá ag EirGrid agus an ceann is bunúsaí atá againn.

Ach ní bhaineann sé seo a thuilleadh le cothabháil a bhfuil ann amháin. Tá an córas cumhachta ag athrú ar luas nach bhfacthas cheana. Tá an ghiniúint ag éirí níos glaine agus dáilte níos forleithne. Feicimid an t-éileamh ag ardú agus margaí fuinnimh ag forbairt. Tá patrúin aimsire ag éirí níos luainí. Táthar ag súil le níos mó ná riamh uainn.

Is é ról EirGrid é cobhsaíocht a choinneáil i gcroílár an athraithe seo. Feidhmímid córas an lae inniu le hiontaofacht, sábháilteacht agus slándáil, agus ag an am céanna táimid á oiriúnú do thodhchaí an-difriúil.

Seo mar a thuillimid iontaoibh ón Rialtas, ó ghnólachtaí, ó phobail agus ón bpobal.

Tá an iontaoibh sin mar bhonn eolais do chumas na hÉireann a bheith ag fás, infheistíocht a mhealladh agus dícharbónú. Is í an bunús riachtanach í ar a dtógfar gach rud eile.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Córas cumhachta sábháilte, slán agus iontaofa a oibriú agus a fheabhsú agus giniúint ó fhoinsí ísealcharbóin á bharrfheabhsú ag an am céanna.**

**Margaí leictreachais éifeachtúla agus trédhearcacha a oibriú agus a fhorbairt agus an t-aistriú fuinnimh a chur i gcrích agus torthaí inacmhainne a spreagadh do thomhaltóirí.**

## Táscairí Straitéiseacha

Córas cumhachta slán agus athléimneach a oibriú agus a chinntiú go bhfanann Nóiméid an Chórais Caillte* faoi bhun 0.75 nóiméad in aghaidh na bliana.

Lárionad Rialaithe Náisiúnta nua-aimseartha a sholáthar faoi 2030, rud a chuirfidh ar chumas córas cumhachta atá ag éirí níos casta, níos dinimiciúla agus níos dícharbónaithe oibriú go slán agus go héifeachtach.

*Is bealach caighdeánaithe é Nóiméid an Chórais Caillte (SML) d'Oibreoirí Córais Tarchuir chun scála briseadh cumhachta a mheas. Is é an SML a ríomhtar le haghaidh éaradh cumhachta an líon nóiméad a mbeadh gá leo le cur isteach ar an gcóras cumhachta ar fad chun an tionchar céanna a imirt ar an éileamh.

# Éire a Choinneáil Cumhachtaithe

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Córas cumhachta sábháilte, slán agus iontaofa a oibriú agus a fheabhsú agus giniúint ó fhoinsí ísealcharbóin á barrfheabhsú ag an am céanna.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Córas cumhachta sábháilte, slán agus athléimneach a oibriú de réir mar a éiríonn sé níos dinimiciúla agus níos casta.
- Tacú le leibhéil mhéadaithe giniúna in-athnuaite agus gach beart atá faoinár smacht a dhéanamh chun laghdú ar sheoladh in-athnuaite a íoslaghdú agus comhtháthú fuinnimh ghlan a uasmhéadú.
- Lárionad Rialaithe Náisiúnta nua-aimseartha a sholáthar faoi 2030 a bheidh in ann córas cumhachta glan an ama atá le teacht a oibriú.
- An eangach a chosaint ó rioscaí móra, lena n-áirítear teagmhais chibearshlándála, drochaimsir agus tionchair an athraithe aeráide.

**Margaí leictreachais éifeachtúla agus trédhearcacha a oibriú agus a fhorbairt agus an t-aistriú fuinnimh a chur i gcrích agus torthaí inacmhainne a spreagadh do thomhaltóirí.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Margaí leictreachais éifeachtúla agus trédhearcacha a oibriú a thacaíonn le slándáil an tsoláthair, a uasmhéadaíonn rannpháirtíocht in-athnuaite agus lena ndéantar costais a íoslaghdú, i gcomhréir le beartas an Rialtais.
- A chinntiú go bhfuil an margadh réidh do luas agus scála an aistrithe fuinnimh agus le haghaidh comhtháthú níos doimhne le margadh leictreachais an AE.



# Ag Tógáil na Cnáimhe Droma. Eangach a Éascaíonn an Fás



Ag Tógáil na Cnáimhe Droma. Eangach a Éascaíonn an Fás.

Is í an eangach a thógaimid a mhúnlaíonn an Éire a bheidh ionainn. Is trí phleanáil, forbairt agus athnuachan ár mbonneagair leictreachais, ar luas agus ar scála, a dhéanaimid ár n-uaillmhian náisiúnta a iompú ina réaltacht fhisiciúil. Is ann a léirítear cuspóir EirGrid sa domhan mórthimpeall orainn, agus an áit a dtógaimid muinín tríd an mbonneagar a sholáthar.

Cuireann eangach láidir, dea-phleanáilte, forbairt réigiúnach, fiontar áitiúil, infheistíocht dhíreach choigríche, giniúint in-athnuaite agus neamhspleáchas fuinnimh níos mó ar fáil. Le ceadú an CRU d'infheistíocht €18.9bn in eangach leictreachais na hÉireann faoi AP6, cuirtear an creat rialála agus an maoiniú ar fáil chun an obair seo a chur chun cinn ar an scála atá ag teastáil.

Ní bhaineann an obair seo le bonneagar ollmhór amháin. Baineann sé le tógáil le cúram, le dul i mbun rannphairtíocht le pobail, le cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanas náisiúnta agus tionchar áitiúil, agus le ceadúnas sóisialta buan a bhaint amach chun soláthar trí fhorghníomhú comhsheasmhach, iontaofa agus a chinntiú go ndéantar infheistíocht go heacnamaíoch agus go freagrach. Braitheann sé freisin ar dhlúth-chomhpháirtíocht le Líonraí ESB, a bhfuil a saineolas agus a gcumas soláthair riachtanach chun pleananna a thabhairt chun críche go hoibríochtúil.

Trí chnámh droma chóras fuinnimh na hÉireann a thógáil, déanaimid fás cothrom a chumasú, tacaímid le rath ar fud réigiún, agus cruthaímid na coinníollacha le haghaidh todhchaí ísealcharbóin agus muinín á neartú againn inár ról mar chomhpháirtí soláthair iontaofa don tír.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Ár mbonneagar ar tír a sholáthar go héifeachtúil, go heacnamaíoch agus go sábháilte, ar luas agus ar scála, ag cinntiú go n-éascaíonn eangach na hÉireann an fás agus go dtugann sí cumhacht do phobail.**

**Barr feabhais a chur chun cinn i rannpháirtíocht leis an bpobal trí Straitéis Rannpháirtíochta Pobail neartaithe agus Plean Gníomhachtaithe Pobail a sholáthraíonn bunús láidir do sholáthar na heangaí.**

## Táscairí Straitéiseacha

An clár infheistíochta €6bn sa chóras tarchuir a sholáthar amach go dtí 2030 chun tacú le huaillmhianta fáis, iomaíochais agus dícharbónaithe na hÉireann.

Áirítear leis an gclár infheistíochta seo tionscadail chun suas le 1,000km de chiorcaid atá ann cheana a uasghrádú, suas le 450km de línte tarchuir nua agus 65 fostáisiún a chur leis, agus tionchar dearfach a imirt ar phobail óstacha, lena n-áirítear suas le €40m do thionscadail áitiúla.

# Ag Tógáil na Cnáimhe Droma. Eangach a Éascaíonn an Fás

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Ár mbonneagar ar tír a sholáthar go héifeachtúil, go heacnamaíoch agus go sábháilte, ar luas agus ar scála, ag cinntiú go n-éascaíonn eangach na hÉireann an fás agus go dtugann sí cumhacht do phobail.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- An clár infheistíochta Athbhreithniú Praghsanna 6 a sholáthar ar scála chun tacú le huaillmhianta fáis, iomaíochais agus dícharbónaithe na hÉireann.
- Obair a dhéanamh i gcomhar leis an ESB agus le comhpháirtithe tábhachtacha eile chun dlús a chur le soláthar, úsáid a bhaint as réitigh nuálacha agus bacainní ar dhul chun cinn a bhaint.
- Tosaíocht a thabhairt do thionscadail straitéiseacha a bhfuil an tionchar náisiúnta is mó agus na buntáistí fadtéarmacha is soiléire acu.
- An bonneagar is gá a sholáthar chun custaiméirí nua giniúna agus éilimh a nascadh, lena n-áirítear 3.5GW de thionscadail in-athnuaite.
- Móiminteam láidir a choinneáil ar an Idirnascaire Thuaidh Theas d'fhonn fuinnmhiú a bhaint amach in 2031.

**Barr feabhais a chur chun cinn i rannpháirtíocht leis an bpobal trí Straitéis Rannpháirtíochta Pobail neartaithe agus Plean Gníomhachtaithe Pobail a sholáthraíonn bunús láidir do sholáthar na heangaí.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Tógáil ar ár gcur chuige i leith rannpháirtíocht leis an bpobal trí oibriú go luath, go hoscailte agus go trédhearcach le pobail, úinéirí talún agus páirtithe leasmhara.
- Réitigh a chomhchruthú a thacaíonn le leas áitiúil, le dul chun cinn náisiúnta agus le muinín phoiblí fhadtéarmach.
- Íoslaghdú a dhéanamh ar an suaitheadh agus na buntáistí a uasmhéadú dóibh siúd a mbíonn tionchar ag ár dtionscadail orthu, lena n-áirítear suas le €40m do thionscadail phobail áitiúla trínár gCiste Sochair Pobail.
- Oibriú leis an Rialtas, leis an Rialtóir agus leis an gCoimisiún Eorpach chun a chinntiú go bhfuil buntáistí forbartha bonneagair soiléir do phobail agus do shaoránaigh.



# Ag Athrú ó Bhonn don Fhuinneamh Glan



Ag Athrú ó Bhonn don Fhuinneamh Glan

Ní bheidh córas cumhachta na hÉireann amach anseo cosúil le córas an lae inniu. Beidh sé níos mó, níos dinimiciúla agus níos castaí, deartha le haghaidh méideanna níos airde de ghiniúint in-athnuaite, teicneolaíochtaí nua, dinimic margaidh nua agus patrúin nua éilimh. Cabhróidh comhtháthú margaidh níos éifeachtaí, giniúint in-athnuaite méadaithe agus idirnasc níos doimhne le costais leictreachais níos cobhsaí agus níos iomaíche a chothú do thomhaltóirí san fhadtéarma.

Éilítear leis sin níos mó ná athrú de réir a chéile, éilítear leis claochlú d'aon ghnó ar fud an chórais.

Is é ról EirGrid é an córas sin a dhearadh, a phleanáil agus a chumasú. Córas a thacaíonn le spriocanna aeráide an Rialtais, a choinníonn leictreachas inacmhainne, a thacaíonn le hinfheistíocht agus a mheallann í agus a chuireann borradh faoin nuálaíocht, rud a neartóidh athléimneacht náisiúnta agus a éascóidh neamhspleáchas fuinnimh níos mó ar deireadh.

Seo an áit a ndéanann saineolas domhain, pleanáil fhadtéarmach agus breithiúnas feasach neamhspleách difríocht mhór sna roghanna a dhéanaimid agus sna torthaí a bhaintear amach. Trí athshamhlú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an córas cumhachta, cuidímid le hÉire níos glaine, níos iomaíche ó thaobh costais de agus níos athléimní a chruthú.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Líonra leictreachais atá réidh don todhchaí a mhúnlú chun freastal ar riachtanais na hÉireann ar tír, amach ón gcósta agus idirnaisc.**

**Cláir mhargaidh straitéiseacha a sholáthar agus saineolas iontaofa a sholáthar chun margaí leictreachais inacmhainne agus dea-fheidhmiúla a threorú le haghaidh todhchaí iomaíoch.**

**Nuálaíocht a spreagadh chun cumais oibríochtúla a sholáthar le haghaidh oibriú sábháilte agus slán chóras cumhachta le fuinneamh glan amach anseo.**

## Táscairí Straitéiseacha

An córas cumhachta a chumasú le suas le 95% de fhoinsí in-athnuaite a oibriú faoi 2030 agus 100% faoi 2035, ag baint leas as comhtháthú teicneolaíochtaí glana le haghaidh níos mó ná 70% de na riachtanais táimhe agus ag cur ar chumas teicneolaíochtaí nuálacha lena n-áirítear 500 MW de stóráil fhadtéarmach.**

Ár bhfís don líonra leictreachais amach anseo tar éis 2030 a fhorbairt faoi 2027 agus dlús a chur faoi na príomhthionscadail is gá chun fás i bhfoinsí in-athnuaite, tithíocht, tionscal agus digiteach a chumasú suas go dtí 2050.

**Tá an obair seo i gcomhar le SONI. Cuireann táimhe cobhsaíocht ar fáil don eangach leictreachais trí athruithe minicíochta leictreachais a mhoilliú le linn míchothromaíocht tobann soláthair nó éilimh. Go dtí seo, is iad aonaid ghiniúna traidisiúnta sioncrónacha móra is mó a chuir táimhe ar fáil.

# Ag Athrú ó Bhonn don Fhuinneamh Glan

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Líonra leictreachais atá réidh don todhchaí a mhúnlú chun freastal ar riachtanais na hÉireann ar tír, amach ón gcósta agus idirnaisc.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Pleanáil a dhéanamh ar an líonra tarchurtha a bheidh ag teastáil ó Éirinn tar éis 2030 chun tacú le fás fadtéarmach, athléimneacht agus dícharbónú.
- Dlús a chur leis na príomhthionscadail atá riachtanach chun fás i bhfoinsí in-athnuaite, i gcúrsaí tithíochta, tionscail agus digiteacha a chumasú go dtí 2050.
- Deiseanna idirnasctha amach anseo a neartaíonn todhchaí fuinnimh agus iomaíochas eacnamaíoch na hÉireann a iniúchadh agus a chur chun cinn.

**Cláir mhargaidh straitéiseacha a sholáthar agus saineolas iontaofa a sholáthar chun margaí leictreachais inacmhainne agus dea-fheidhmiúla a threorú le haghaidh todhchaí iomaíoch.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Comhtháthú an Mhargaidh Aonair Leictreachais i margadh an AE a chur I gcrích chun éifeachtúlacht trádála a fheabhsú agus na buntáistí idirnasctha a uasmhéadú.
- Tacú le hÚdaráis Rialála na hÉireann chun Sásra Acmhainneachta a fhorbairt i ndiaidh 2027. Tacú le plean ilbhliantúil do mhargaí leictreachais agus cabhrú le socruithe margaidh solúbtha, atá dírithe ar an todhchaí, a mhúnlú d'Éirinn.
- Oibriú le páirtithe leasmhara agus ár saineolas a chur ar fáil chun cabhrú le beartas margaidh leictreachais an AE agus na Breataine Móire a threorú chun leas na hÉireann.

**Nuálaíocht a spreagadh chun cumais oibríochtúla a sholáthar le haghaidh oibriú sábháilte agus slán chóras cumhachta le fuinneamh glan amach anseo.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- An Treochlár Beartais Oibríochta a chur i bhfeidhm chun tacú le hoibriú an chórais chumhachta le suas le 95% den leictreachas ón ngaoth agus ón grian ag aon am amháin.
- Torthaí ísealcharbóin a chumasú trí sheirbhísí agus teicneolaíochtaí córais nuálacha a chomhtháthú, lena n-áirítear Seirbhís Táimhe Ísealcharbóin (LCIS), Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES), Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (FASS) agus solúbthacht éilimh.
- Cumas an chórais chumhachta a neartú chun tacú le cobhsaíocht, athléimneacht agus an t-aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine.
- Leordhóthanacht giniúna a bhainistiú agus Éire ag bogadh i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.
- Tacú le taighde a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí agus leanúint ar aghaidh le hacmhainneacht nuálaíochta den scoth a chothú.

# Scód a Ligean le Teorainneacha Úra. Amach ón gCósta agus Idirnasc



Scód a Ligean le Teorainneacha Úra - Amach ón gCósta agus Idirnasc

Is athrú mór iad na féidearthachtaí do chóras cumhachta na hÉireann iad an ghaoth amach ón gcósta agus idirnasc.

Osclaíonn siad an doras do ghiniúint in-athnuaite ar scála mór, neamhspleáchas fuinnimh níos mó san fhadtéarma, tionscail dhúchasacha agus slabhraí soláthair nua, agus comhtháthú Eorpach níos doimhne.

Is rud casta, dian ar chaipiteal agus tionchar mór é bonneagar agus idirnascairí amach ón gcósta a sholáthar. Ní hamháin go mbraitheann an deis seo a bhaint amach ar fhorbairt amach ón gcósta, ach ar phobail a thabhairt linn agus muid ag neartú an bhonneagair ar tír droma a bheidh riachtanach chun é a chumasú. Éilítear leis pleanáil chúramach, comhpháirtíochtaí láidre agus cur i gcrích tráthúil, i gcomhréir le beartas agus pleanáil an Rialtais.

I gcás EirGrid, tá an colún seo praiticiúil agus siombalach. Tá sé praiticiúil mar go soláthraíonn sé an bonneagar ríthábhachtach atá ag teastáil ó Éirinn. Tá sé siombalach mar go léiríonn sé cumas, uaillmhian agus diongbháilteacht na hÉireann an córas fuinnimh atá riachtanach dá todhchaí a thógáil.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Ár bplean maidir le hullmhacht sócmhainní amach ón gcósta a chur i bhfeidhm chun freagracht iomlán a ghlacadh as úinéireacht sócmhainní amach ón gcósta.**

**An bonneagar atá faoi úinéireacht EirGrid a fhorbairt agus a thógáil, bonneagar atá riachtanach chun gaoth amach ón gcósta a nascadh go héifeachtúil, go heacnamaíoch agus go sábháilte.**

**An tIdirnascaire Ceilteach a sholáthar, agus idirnascairí laistigh dár sainchúram a éascú, a fhuinneamh, a oibriú agus a bhainistiú.**

## Táscairí Straitéiseacha

A chinntiú go bhfuil na socruithe conarthacha i bhfeidhm chun go mbeidh forbróirí Chéim 1 den Chósta Thoir in ann cinntí infheistíochta deiridh a dhéanamh i gcomhréir lena gclár.

Na gníomhaíochtaí riachtanacha go léir a chur i gcrích, lena n-áirítear aighneacht phleanála in 2029, chun soláthar na sócmhainní tarchuir do thionscadal Chéim 2 de Chósta Theas Tonn Nua a chur chun cinn.

Na hoibreacha uile ar tír a chur i gcrích agus cuir fuinneamh sna stáisiúin tiontaithe don Idirnascaire Ceilteach faoi 2026. Suiteáil an chábla mhuirí a chur i gcrích don Idirnascaire Ceilteach faoi 2028, ag nascadh Éire le mórthír na hEorpa.

# Scód a Ligean le Teorainneacha Úra. Amach ón gCósta agus Idirnasc

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Ár bplean maidir le hullmhacht sócmhainní amach ón gcósta a chur i bhfeidhm chun freagracht iomlán a ghlacadh as úinéireacht sócmhainní amach ón gcósta.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Conarthaí a thabhairt chun críche agus ullmhú le haghaidh ceannach agus aistriú bonneagair tarchuir amach ón gcósta ó fhorbróirí Chéim 1 den Chósta Thoir.
- Tógáil ar ár gcumas eagraíochtúil, teicniúil agus oibríochtúil chun freagracht iomlán a ghlacadh as sócmhainní tarchuir amach ón gcósta ar scála mór.
- Samhail láidir OCT amach ón gcósta a sholáthar a thacaíonn le húinéireacht agus oibriú sócmhainní atá sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil.
- Bí ullamh le haghaidh na chéad aistrithe amach ón gcósta go EirGrid.

**An bonneagar atá faoi úinéireacht EirGrid a fhorbairt agus a thógáil, bonneagar atá riachtanach chun gaoth amach ón gcósta a nascadh go héifeachtúil, go heacnamaíoch agus go sábháilte.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Leanúint lenár gcumas soláthair amach ón gcósta a neartú chun bonneagar a sholáthar go sábháilte, go héifeachtúil agus go costéifeachtach, i gcomhréir le huaillmhianta gaoithe amach ón gcósta an Rialtais.
- Comhoibriú substaintiúil a chinntiú le gach pobal cósta agus úsáideoirí muirí trí phrionsabail dea-chleachtais a leabú i Straitéis Rannpháirtíochta Poiblí EirGrid.
- Na gníomhaíochtaí riachtanacha go léir a chur i gcrích, lena n-áirítear aighneacht phleanála in 2029, chun soláthar na sócmhainní tarchuir do thionscadal Chéim 2 de Chósta Theas Tonn Nua a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh ag pleanáil don chéad chéim eile den fhorbairt amach ón gcósta ar an gCósta Theas, mar a sainaithníodh i bPlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas.

**An tIdirnascaire Ceilteach a sholáthar, agus idirnascairí laistigh dár sainchúram a éascú, a fhuinneamh, a oibriú agus a bhainistiú.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Na hoibreacha uile ar tír a chur i gcrích agus cuir fuinneamh sna stáisiúin tiontaithe don Idirnascaire Ceilteach faoi 2026.
- Suiteáil an chábla mhuirí a chur i gcrích don Idirnascaire Ceilteach faoi 2028, ag nascadh Éire le mórthír na hEorpa.
- An tIdirnascaire Ceilteach a chomhtháthú go réidh sa chóras cumhachta agus sa mhargadh leictreachais chun luach agus athléimneacht fhadtéarmach a uasmhéadú.
- Leanúint le hoibriú an Idirnascaire Thoir-Thiar agus a fheidhmíocht, a iontaofacht agus a luach saoil a uasmhéadú.
- Idirnascairí príobháideacha amach anseo a éascú i gcomhréir le beartas an Rialtais agus le treoir Rialála.

# Príomhchumasóirí



Ár nDaoine,
Ár gCumhacht



Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara sa Chroílár



Faoi Thionchar an Digitithe



Tréine Airgeadais don Soláthar Fadtréimhseach

**Slán, Glan, Inacmhainne**

# Ár nDaoine, Ár gCumhacht



Ní éireoidh lenár straitéis ach amháin má tá na daoine cearta againn, sna róil chearta, leis na scileanna agus an meon ceart.

Táimid ag leanúint ar aghaidh ag cur lenár ár lucht saothair leis an gcumas agus an acmhainneacht chun soláthar ar scála mór.

Déanaimid iarracht daoine cumasacha, a chreideann inár gcuspóir agus ar mian leo cur leis an bhfís chun sochaí níos fearr a dhéanamh a mhealladh agus a choimeád. Déanaimid infheistíocht inár lucht saothair saineolach, forbraímid ár bhfoirne agus cuirimid deiseanna ar fáil le haghaidh fás gairme fadtéarmach.

Tá sé tábhachtach dúinn cultúr iontach a chothú. Nuair a bhraitheann ár ndaoine go bhfuil ardmheas orthu, go n-éistear leo agus go gcuirtear obair spreagúil ar fáil dóibh, cothaímid eagraíocht ardfheidhmíochta.

## Táscaire Straitéiseach

Leanúint ar aghaidh ag infheistiú i bhfás an lucht saothair agus i gcumas eagraíochtúil tríd an eagraíocht a fhás go lucht saothair de 2000 duine, agus cultúr láidir á chothú ag an am céanna le hInnéacs Rannpháirtíochta Foirne os cionn 75%.

## Tosaíochtaí na bPríomhchumasóirí

**EirGrid atá réidh don todhchaí a chothú trínár gcumas agus ár neart ceannaireachta a fhás agus a fhorbairt.**

**Cultúr iontach a chothú in EirGrid trí infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus ina gcuid scileanna.**

# Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara sa Chroílár




Ní sholáthróidh EirGrid an t-aistriú fuinnimh inár n-aonar.

Braitheann an dul chun cinn ar chomhoibriú láidir, spriocdhírithe leis an Rialtas, Rialtóirí, custaiméirí, tionscal, pobail, comhairlí áitiúla, oibreoirí córais, an AE agus daoine eile ar fud an éiceachórais fuinnimh.

Nuair a léirímid oscailteacht agus trédhearcacht i gcaidrimh chomhpháirtíochta, tógaimid muinín agus dlisteanacht, bainistímid ionchais, cuirimid feabhas ar thorthaí agus cuirimid ár gcuid saineolais ar fáil chun tacú le beartas agus pleanáil éifeachtach i dtimpeallacht chasta, atá ag athrú i gcónaí.

Agus sinn ag obair i gcomhar lenár gcuid comhpháirtithe, tugann ár seasamh maoirseachta córais agus neamhspleáchais deis dúinn peirspictíocht chothrom, iomlán chórais a thabhairt.

Le caidrimh láidre, déantar féidearthacht den chastacht, agus déantar dul chun cinn di sinn ar deireadh. Cumasaítear leo soláthar níos tapúla agus níos inbhuanaithe.

## Táscaire Straitéiseach


**Scór 8/10 a bhaint amach ó Phainéal Meastóireachta Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara na Líonraí a bhaint amach, agus clár oibre tiomnaithe a bhunú chun ár rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara a shaibhriú tuilleadh.**

## Tosaíochtaí na bPríomhchumasóirí

**Ár gcur chuige i leith rannpháirtíocht le custaiméirí a athrú ó bhonn agus cultúr atá dírithe ar an gcustaiméir a spreagadh.**

**Caidrimh dhílse, chomhoibríocha a chothú le páirtithe leasmhara straitéiseacha, lena gcumasaítear saineolas EirGrid chun eolas a dhéanamh do bheartas, do rialachán agus do chinntí móra tionscail eile.**

# Faoi Thionchar an Digitithe




Ní féidir scála agus castacht ár bhfíse a bhaint amach gan leas iomlán a bhaint as an teicneolaíocht.

Táimid ag cur cumais dhigiteacha, sonraí agus Intleacht Saorga (IS) i gcroílár ár bhfeidhmíochta, lena gcumasaítear an nuálaíocht trí chinntí níos cliste, freagairtí níos tapúla agus bealaí oibre níos éifeachtúla.

Tá an claochlú seo mar bhonn taca le hoibriú córas athléimneach, pleanáil agus réamhaisnéis níos forbartha, agus solúbthacht eagraíochtúil níos fearr.

Ní tionscnaimh thánaisteacha iad an teicneolaíocht dhigiteach agus an intleacht shaorga; is cumasóirí bunúsacha iad dár ndaoine agus dár n-eagraíocht, lena neartaítear an chaoi a reáchtáiltear córas nua-aimseartha, nuálach.

## Táscaire Straitéiseach

**Déanfaimid ár gcumas digiteach a chlaochlú lena n-áirítear teicneolaíocht chuí IS a ionchorprú agus díreoimid ar Scór Aibíochta IS de 3.5/5 agus réitigh Eangaí atá cumasaithe go digiteach agus réitigh nuálacha á gcur chun cinn againn ag an am céanna.**

## Tosaíochtaí na bPríomhchumasóirí


**Uathoibriú cliste a chumasú ar scála.**

**Cumhacht a thabhairt d'fhoirne le sonraí iontaofa agus uirlisí IS.**

**Dlús a chur le cumasú athraithe.**

**Córais ríthábhachtacha a sholáthar agus a oibriú atá dírithe ar dhaoine daonna, slán agus athléimneach.**

# Tréine Airgeadais don Soláthar Fadtréimhseach



Chun todhchaí fuinnimh na hÉireann a sholáthar, éilítear infheistíocht sheasta sna blianta amach romhainn.

A bhuí dá seasamh airgeadais láidir agus inchreidte, is féidir le EirGrid maoiniú rialála a fháil, maoiniú inbhuanaithe a mhealladh agus gealltanas a thabhairt do chláir mhóra bonneagair. Cothaítear leis muinín le tionscal, le hinfheisteoirí agus le comhpháirtithe.

Cinntíonn rialachas láidir go ndéantar airgead a bhainistiú go cúramach agus go stuama, agus go bhfuil cuntasacht shoiléir ann maidir leis an gcaoi a ndéantar cinntí infheistíochta.

A bhuí don tréine airgeadais, is féidir linn cinntí a dhéanamh agus riosca a bhainistiú i gceart.

Go sonrach, is athrú céime é an t-aistriú go dtí an margadh amach ón gcósta i scála ár gcláir chomhardaithe agus inár ról mar eagraíocht a bhfuil sócmhainní aici, atá freagrach as bonneagar ríthábhachtach a oibriú agus a chothabháil.

Is é tréine airgeadais fadtéarmach a ligeann dúinn uaillmhian a iompú ina réaltacht indéanta.

## Táscaire Straitéiseach

**Dírigh ar rátáil chreidmheasa phríobháideach den Ghrád Infheistíochta Íosta.**

## Tosaíochtaí na bPríomhchumasóirí


**Cinntigh go bhfuil taraifí rialála leordhóthanacha i bhfeidhm chun go mbeifear in ann cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.**

**Cinntigh go bhfuil maoiniú fadtéarmach agus gearrthéarmach leordhóthanach i bhfeidhm, agus cuir ar chumas rochtain ar ionstraimí glasa airgeadais.**

**Éifeachtúlacht costais a chinntiú i ngach caiteachas, ag soláthar luach ar airgead don tomhaltóir.**

**Feabhas a chur i gcónaí ar ár rialachas agus ar ár gcreataí airgeadais, lena gcinntítear timpeallacht rialaithe láidir, trédhearcacht, cuntasacht agus athléimneacht leanúnach.**

# EirGrid i gCóras Tarchuir na hÉireann



Slán, Glan, Inacmhainne



An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 FW28

01 627 1700 | EirGrid.ie